Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2022**
**(OR. en)**

**6829/22**

**COH 12**
**FIN 282**
**SOC 120**
**TOUR 21**
**COMPET 133**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 3 Márta 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6107/22 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: *EU Support to tourism: Need for a fresh strategic orientation and a better funding approach* [Tacaíocht an Aontais don turasóireacht: treoshuíomh straitéiseach nua mar aon le cur chuige cistiúcháin níos fearr de dhíth]<br>- Conclúidí ón gComhairle (3 Márta 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *EU Support to tourism: Need for a fresh strategic orientation and a better funding approach* [Tacaíocht an Aontais don turasóireacht: treoshuíomh straitéiseach nua mar aon le cur chuige cistiúcháin níos fearr de dhíth], a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 3850ú cruinniú a bhí aici ar an 3 Márta 2022.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**

***EU Support to tourism: Need for a fresh strategic orientation and a better funding approach***

**[Tacaíocht an Aontais don turasóireacht: treoshuíomh straitéiseach nua mar aon le cur chuige cistiúcháin níos fearr de dhíth]**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

(1) IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 27/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear 'an Chúirt' anseo feasta) mar aon le freagraí an Choimisiúin ar an Tuarascáil;

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur measadh in iniúchadh na Cúirte cé acu a rannchuidigh nó nár rannchuidigh an Coimisiún go fóinteach le tacaíocht a thabhairt do thionscal turasóireachta an Aontais agus le comhlánú ghníomhaíochtaí na mBallstát san earnáil sa tréimhse 2014-2020. Sa chomhthéacs sin, rinne an Chúirt athbhreithniú ar na nithe seo a leanas:

- ar thug straitéis turasóireachta an Choimisiúin aghaidh ar riachtanais earnáil na turasóireachta go fóinteach agus ar tugadh an straitéis cothrom le dáta go rialta chun imeachtaí gan choinne a léiriú;
- an raibh an tacaíocht airgeadais a thug Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) d'infheistíochtaí turasóireachta poiblí ag teacht leis na straitéisí atá ann cheana, agus an raibh an tacaíocht airgeadais sin inbhuanaithe agus dírithe ar infheistíochtaí dar breisluach is mó ná an tionscadal féin;
- ar chuir an Coimisiún tús le gníomhaíochtaí chun tionchar phaindéim COVID-19 ar earnáil na turasóireachta a mhaolú;

(3) ADMHAÍONN SÍ go bhfuil an turasóireacht ar cheann de na hearnálacha eacnamaíocha is tábhachtaí san Aontas agus go bhfuil tionchar céadach imeartha ag paindéim COVID-19 uirthi, agus go bhfuil dúshláin fhadtéarmacha roimpi;

(4) CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil forbairt eacnamaíoch agus shóisialta réigiún áirithe ag brath cuid mhór ar na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an turasóireacht agus gur féidir leis an turasóireacht a bheith ina hearnáil straitéiseach don fhás glas agus digiteach agus d'fhorbairt réigiúnach inbhuanaithe, chuimsitheach, nuálach comhtháite;

(5) TUGANN SÍ DÁ hAIRE príomhthorthaí na Tuarascála, go háirithe an méid seo a leanas:

- I bhfianaise thionchar phaindéim COVID-19 ar earnáil turasóireachta an Aontais, tá bearta agus tograí curtha chun cinn ag an gCoimisiún chun tionchar na paindéime a mhaolú agus chun conair aistrithe a shainiú a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn do chlár oibre turasóireachta do 2030;
- Cé gur éirigh leis an tacaíocht airgeadais a thug CFRE sa tréimhse 2014-2020 d'infheistíochtaí turasóireachta aghaidh a thabhairt ar chuspóirí turasóireachta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, chuir roinnt easnamh i dtaca le roghnú tionscadal teorainn le héifeachtacht na tacaíochta sin; agus ar an ábhar nach raibh i gceist ach aon chomhtháscaire amháin, níorbh fhéidir gach cineál toraidh tionscadail a thomhas;
- Níor thug treoir théamach an Choimisiúin aghaidh sách maith ar an riosca comhoiriúnachta idir straitéisí turasóireachta na réigiún comharsanachta, ar fhorluí i dtionscadail arna maoiniú ag an Aontas sa limistéar céanna agus ar chreataí cuí cothabhála sna blianta tar éis tabhairt chun críche tionscadail;

(6) TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh a thug an Chúirt don Choimisiún straitéis chomhdhlúite nua a leagan amach d'éiceachóras turasóireachta an Aontais, lena ndírítear go sainráite ar thacú le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le cineál turasóireachta níos inbhuanaithe;

(7) TACAÍONN SÍ le moladh na Cúirte don Choimisiún i.e. údaráis bhainistíochta na mBallstát a spreagadh chun nósanna imeachta roghnúcháin tionscadal a ghlacadh lena gcabhraítear, i gcás inarb ábhartha, leis an tacaíocht airgeadais ó CFRE a stiúradh i dtreo tionscadail atá i gcomhréir leis na treoshuímh straitéiseacha nua agus atá éifeachtach agus comhordaithe le tionscadail i limistéir chomharsanachta, lena n-áirítear, mar shampla laistigh de straitéisí críochacha comhtháite, ionas gur fearrde ní hamháin an tionscadal féin ach a spreagann earnáil na turasóireachta ar an iomlán, agus atá inbhuanaithe cuimsitheach araon;

(8) TAGANN SÍ le freagraí an Choimisiúin ar na torthaí agus ar na moltaí atá sa Tuarascáil ón gCúirt, go háirithe an méid seo a leanas:

- Le blianta beaga anuas, ghlac an Coimisiún roinnt straitéisí atá ábhartha don turasóireacht chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shonracha in earnáil na turasóireachta, amhail an nuashonrú ar an Straitéis maidir leis an Tionsclaíocht an 5 Bealtaine 2021;
- Féadfar tionscadail infheistíochta turasóireachta a mhaoiniú, *inter alia*, trí CFRE nó faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta;
- I dtaca leis an tréimhse 2021-2027, ba cheart do na comhtháscairí toraidh nua léargas níos fearr a thabhairt ar éagsúlacht na n-infheistíochtaí sa turasóireacht;

(9) AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá prionsabail na coimhdeachta agus na comhpháirtíochta i gcláir chomhbhainistíochta; ní mór an méid sin a chur san áireamh agus tosaíochtaí infheistíochta in earnáil na turasóireachta á sainiú;

(10) MEASANN SÍ gur measúnú fiúntach ar thacaíocht CFRE do thionscadail turasóireachta an Tuarascáil, ar measúnú é a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do chlárthréimhse 2021-2027 agus do Chlár Oibre Eorpach don Turasóireacht[1] a shainiú, ar measúnú é atá fós á phlé sa Chomhairle;

(11) CUIREANN SÍ I dTREIS go bhféadfar na tionscadail infheistíochta don tréimhse 2021-2027 lena dtacaítear le turasóireacht inbhuanaithe athléimneach a mhaoiniú faoi Chuspóirí Beartais uile an bheartais chomhtháthaithe fad is a rannchuidíonn na hinfheistíochtaí sin leis an gCuspóir Beartais comhfhreagrach a bhaint amach agus go gcomhlíonann siad na coinníollacha nó na ceanglais chumasúcháin is infheidhme;

---

1 8881/21.

(12) IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Taighde a dhéanamh chun ról na hinfheistíochtaí ag CFRE i dtéarnamh, athléimneacht, claochlú glas agus digiteach na hearnála a mheas – lena n-áirítear infheistíochtaí as acmhainní REACT-AE – agus ar an lorg a d'fhág paindéim COVID-19 ar an athrú aeráide agus ar chosaint an chomhshaoil;
- Dea-chleachtais a roinnt maidir le tionscadail turasóireachta, lena n-áirítear cé mar is ceart iad a roghnú nó a mheas, sa Ghrúpa Saineolaithe maidir le Cistí Rialachán na bhForálacha Coiteanna (Grúpa Saineolaithe na bhForálacha Coiteanna) agus, i gcás inarb iomchuí, sa Choiste Comhairleach Turasóireachta.